2023/2550

30.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 153/2023

an 13 Meitheamh 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2550]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/502 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le minicíocht na n-athmheasúnuithe iomlána ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/503 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le minicíocht na n-athmheasúnuithe iomlána ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caibidil XXX d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 11 (Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32023 R 0502**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/502 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 (IO L 70, 8.3.2023, lch. 1).'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 12 (Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32023 R 0503**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/503 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 (IO L 70, 8.3.2023, lch. 3).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tharmligthe (AE) 2023/502 agus (AE) 2023/503 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 70, 8.3.2023, lch. 1.
([2]) IO L 70, 8.3.2023, lch. 3.
* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN